

Tasc Measúnaithe

Léargas Ginearálta	<p>Tá an Tasc Measúnaithe bainteach go díreach le nádúr agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, an Cur i Láthair, mar a dtagann chun cinn an t-eolas agus na scileanna a d'fhorbair scoláirí ón bhfiosrúchán, ón bhfeasacht agus ón láithreoireacht a rinne siad ar thopaic a bhaineann leis an timpeallacht ghnó.</p> <p>Is é cuspóir an Taisc Mheasúnaithe go dtabharfadh scoláirí faoi athmhachnamh fócasaithe ar a Láithreoireacht aonair.</p> <p>Tarlaíonn an Tasc Measúnaithe thar thréimhse ranga dhúbailte nó thar dhá thréimhse ranga shingilte, íosmhéid de 80 nóiméad.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Úsáidtear an chéad thréimhse ranga le haghaidh ullmhúcháin. • Úsáidtear an dara thréimhse ranga chun a gcuid freagraí a scríobh sa leabhrán pro forma a chuireann an CSS ar fáil. • Seolann an scoil ansin leabhráin chríochnaithe na scoláirí don Tasc Measúnaithe ar aghaidh de réir na socrúithe a bhíonn leagtha amach ag an CSS.
Réimsí Measúnaithe	<p>Sa Tasc Measúnaithe déanfar na scoláirí a mheas i ngnéithe dá gcuid foghlama lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • A gcumas chun meastóireacht a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn tríd an taithí a fuair siad ón Láithreoireacht. • A gcumas chun machnamh ar na scileanna a d'fhorbair siad le linn an Láithreoireacht a dhéanamh. • A gcumas chun machnamh ar an gcaoi ar athraíodh a gcóras luachanna trí eispéireas na Láithreoireachta.
Dátaí Tábhachtacha	<p>Dé Luain 18 Samhain 2019 go Dé hAoine 13 Márta 2020 – Tréimhse ina gcaitheann scoláirí trí seachtaine ag cur le chéile na Láithreoireachta do MRB 2.</p> <p>Dé Luain, 6 Éanáir go Dé Luain, 23 Márta 2020 – Na dátaí chun an Tasc Measúnaithe (TM) a chríochnú</p>
Measúnú	<p>Tá an Tasc Measúnaithe le seoladh ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stát-teistithe don Staidéar Gnó.</p> <p>Dáilfear 10% de na marcanna air a úsáidtear chun an grád a shocrú a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit.</p> <p>Tá an Tasc Measúnaithe ag Leibhéal Comónta agus cuirfear san áireamh sna ceisteanna a chuirtear an cohórt leathan scoláirí a bheidh ag dul den mheasúnú.</p>
Tuairisciú	<p>Cuirfidh an CSS an marc a bhronntar don Tasc Measúnaithe leis an marc a bhronntar don scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stát-teistithe deiridh sa Staidéar Gnó.</p>

Taifeadfar na Tuairiscíní Gráid Deiridh ar Phróifíl Ghnóthachála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)